

# LÁMHLEABHAR EOLAIS DO THUISMITHEOIRÍ SCOIL OILIBHÉIR



## FÁILTE

Seo lámhleabhar eolais do thuismitheoirí Scoil Oilibhéir. Tá súil againn go bhfaighidh sibh ann gach eolas atá ag teastáil uaibh maidir le saol na scoile. Tá fáilte i gcónaí roimh mholtaí – déanfar uasdátú ar an lámhleabhar seo gach bliain agus tá súil againn, idir an lámhleabhar agus an nuachtlitir go mbeidh thuismitheoirí i gcónaí ar an eolas faoi saol na scoile.

Tá súil againn go mbainfidh sibh tairbhe as.  
Antóin Ó Cléirigh,  
Príomhoide

Lára Ní Riain  
Príomhoide Tánaisteach

## SONRAÍ TEAGMHÁLA

Seoladh: Scoil Oilibhéir, An Chúil Mhín, Cluain Saileach, Baile Átha Cliath 15. Cód poist D15 PX99  
Uimhir ghutháin: (01) 8215277 (085)1616016  
Ríomhphost: [runai.scoil.oilibheir@gmail.com](mailto:runai.scoil.oilibheir@gmail.com)  
Príomhoide: [priomhoide.scoil.oilibheir@gmail.com](mailto:priomhoide.scoil.oilibheir@gmail.com)

## STAIR SCOIL OILIBHÉIR

Bunaíodh Scoil Oilibhéir sa bhliain 1975. Bhí 16 páiste agus múinteoir amháin ann ar an gcéad lá agus lean an scoil ag fás ó bhliain go bliain. Anois tá ós cionn 250 páiste sa scoil agus tá 13 múinteoir againn. Ainmníodh Oilibhéir Pluincéad Beannaithe le naomhú sa Róimh níos déanaí an bhliain sin, agus mar sin roghnaíodh Scoil Oilibhéir mar ainm ar Ghaelscoil nua Bhaile Bhlainséir. Bhíomar lonnaithe sa tsean-cheardscoil sa sráidbhaile sna blianta tosaigh. Chaitheamar bliain freisin i bPobalscoil Bhaile an Bhlácaigh. Agus, ar deireadh, sa bhliain 1982, bhogamar isteach inár scoil féin sa Chúil Mhín.

## CLÁR AMA NA SCOILE

### SCEIDEAL AN LAE

8.50 a.m.	Scoil Oscailte
9.10 a.m.	Páistí ina suí sa rang
10.30 – 10.45 a.m.	Sos na Maidine
12.15-12.45 p.m.	Lón
1.30 a.m.	Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra abhaile
2.30 a.m.	Rang 1 – Rang 6 abhaile

## AN CLÓS AR MAIDIN

- Iarrtar ar thuismitheoirí gan páistí a fhágáil leo féin sa chlós roimh 8.30 a.m.
- Osclaíonn foirgneamh na scoile ag 8.50 a.m.
- Bíonn an príomhoide i mbun feitheoireachta ó 8:30 ar aghaidh sa chlós ar maidin de ghnáth. Tá fáilte roimh chomhrá ó thuismitheoirí!
- Bíonn an bus agus na múinteoirí ag tiomáint isteach sa chlós ar maidin. Má shéideann siad adharc, is ag iarraidh aird a tharraingt ar na carranna atá siad, ní ag iarraidh a bheith drochbhéasach!
- Is gá aire a thabhairt do pháistí beaga sa chlós ar maidin toisc an bus agus na carranna a bhíonn ag tiomáint isteach.
- Buailtear an clog ar 8.50 a.m. agus bailíonn na múinteoirí ranga na páistí ón gclós.
- Nuair a bhíonn an lá fliuch, tá cead ag páistí suí sa halla, níl spás do thuistí, tabharfaidh múinteoirí aire dóibh.
- Níl cead madraí ar láthair na scoile – is féidir iad a fhágáil amuigh san ascaill.
- Iarraimid comhoibriú na dtuismitheoirí maidir le cúrsaí páirceála ar maidin (féach an rannóg faoi pháirceáil ar lch 5 freisin):
  - Níl cead stopadh ar an mbóthar nó sa chiorcal chun ligean do pháistí léim amach (fiú nuair atá sé ag cur báistí).
  - Is gá páirceáil sna spásanna i.e. idir na línte.
  - Iarrtar ar thuismitheoirí páistí a ligean amach as an gcarr ar thaobh an chosáin.
  - Muna bhfuil spásanna ar fáil san ascaill, is féidir dul go dtí Páirc na Mílaoise, Spórtlann Chúil Mhín nó an garáiste. Tá an t-ádh linn go bhfuil na roghanna breise seo ann!

## BAILIÚ NA bPÁISTÍ TRÁTHNÓNA

### Naíonáin Bheaga

- Bailítear na Naíonáin Bheaga ag 12 p.m. don chéad seachtain go leith. As sin ar aghaidh, bailítear iad ag 1.30 p.m.
- Bailítear na Naíonáin Bheaga ón doras in aice le carranna na múinteoirí. Tugann an múinteoir amach iad agus scaoileann siad leo duine ag an am.
- Bailítear na Naíonáin Mhóra ón bhfuinneog ag Oifig an Phríomhoide/an rúnaí ag Polla na Brataí.
- Má tá duine eile ag bailiú do pháiste, caithear an múinteoir a chur ar an eolas roimh ré, go háirithe mura bhfuil aithne cheart ag an leanbh ar an duine sin.
- Ar laethanta fliucha, tá cead fanacht leis na naíonáin sa phasáiste ach iarrtar ort a bheith tuisceanach do na ranganna eile atá fós ag obair.

### Ranganna 1 agus 2

- Bailítear Rang a hAon agus Rang a Dó ag an mBothán Réamhdhéanta ag 2.30 p.m.
- Scaoileann an múinteoir ranga leo duine ag an am.
- Má tá duine eile ag bailiú do pháiste, caithear an múinteoir a chur ar an eolas roimh ré, go háirithe mura bhfuil aithne cheart ag an leanbh ar an duine sin.

### Ranganna 3-6

- Scaoiltear le Rang a 3 go dtí Rang a 6 ag 2.30 p.m. agus ní bhíonn múinteoir i bhfeighil ar an mbailiú.

## GINEARÁLTA

- Más gá páiste a bhailiú roimh an am oifigiúil, is gá é sin a chur in iúl don mhúinteoir chomh luath agus is féidir. D'fhéadfadh páiste a bheith amuigh ar thuras nuair a thagann tú!
- Cosúil le gach cuairteoir chun na scoile, fiú nuair atá seanaithne againn ort, iarrtar ort dul chuig oifig an rúnaí. Baileoidh an rúnaí an páiste ón seomra agus iarrtar ort ansin an páiste a shíniú amach.
- Má tá an páiste as láthair nuair a ghlaoitear an rolla, (idir 9.50 a.m. agus 10.10 a.m.) tá siad "As Láthair" ar an rolla de réir rialacha na Roinne Oideachais.
- Má bhíonn ort teacht go dtí an scoil i rith an lae ar aon chúis eile, iarrtar ort teacht chun na hoifige seachas dul díreach isteach sa scoil.

## POLASAITHE NA SCOILE

Tá eolas ar shuíomh gréasáin na scoile faoi na polasaithe atá ag an scoil – ina measc tá polasaithe ar:

- Frithbhulaíocht
- Cód Smachta
- Cosaint leanaí
- Polasaí Úsáide Inghlactha na Ríomhairí
- Na Meáin Shóisialta
- Feitheoireacht
- Nósanna Imeachta Gearán
- Iontráil
- Tinreamh agus Poncúlacht
- Gutháin phóca agus Gléasanna Leictreonacha
- Úsáid na Scoile
- Plean Teanga

Moltar do thuismitheoirí na cáipéisí seo a léamh agus a bheith ar an eolas faoin méid atá iontu. Fáiltítear roimh cheisteanna i gcónaí.

## ÉIDE SCOILE

- Caithfidh na páistí R1 – R6 éide scoile Scoil Oilibhéir a chaitheamh gach lá, ach amháin nuair a bhíonn traenáil nó lá spóirt acu. Cuirtear eolas amach maidir leis na laethanta spóirt ag tús na scoilbhliana. Níl aon riail maidir le bróga ach gur gá dóibh a bheith sábháilte. Tá cead ag na Naíonáin éadaí spóirt a chaitheamh gach lá más mian leo.

### Cailíní

- Ionar breacáin
- Léine bhán
- Cairdeagan glas
- Stocaí / riteoga: is féidir leo a bheith glas nó bán
- Carbhat breacáin

### Buachaillí

- Bríste liath
- Léine bhán
- Geansaí glas
- Carbhat breacáin

### Éide Spóirt

Culaith spóirt na scoile

Bróga reatha

Sa samhradh is féidir brístí gearra liath a chaitheamh mar chuid den éide spóirt.

Má bhíonn páistí ag traenáil am lóin, bíonn cead acu an éide spóirt a chaitheamh an lá sin.

## CÚRSAÍ SLÁINTE

### GINEARÁLTA

- Is gá an fhoirm shláinte a líonadh amach ag tús scoilbhliain na naíonán agus an scoil a chur ar an eolas faoi aon leasú/athrú a tharlaíonn.
- Coimeádtar leigheas san oifig má tá gá leis.
- Níl cead ag páiste riamh leigheas a bheith acu ar scoil gan fhios don scoil. Is gá i gcónaí an scoil a choimeád ar an eolas faoi leigheas.
- Is gá an scoil a chur ar an eolas maidir le haon earra nó bia nach réitíonn le do pháiste.
- Ní ceart páiste atá tinn a sheoladh ar scoil.
- Má tá páiste tinn ar scoil, cuirfidh an rúnaí glaoch ort chun gur féidir socrú a dhéanamh an páiste a bhailiú. Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh d'uimhir ghutháin ag an scoil.

### AILLÉIRGÍ BIA/LÓN

- Cuir ar an eolas sinn láithreach faoi aon ailléirge bhia.
- Tá cosc iomlán ar chnónna agus ar rudaí a bhfuil cnónna iontu i Scoil Oilibhéir.
- Moltar do thuismitheoirí gach iarracht réasúnta a dhéanamh lón sláintiúil folláin a sholáthar dá bpáistí agus gan milseáin, deochanna súilíneacha, brisocaí, seacláidí srl. a cur isteach leo. Tá cead grán rósta a chur isteach ach ní criospaí.

### MÍOLTA GRUAIGE

- Tarlaíonn sé ó am go chéile, go háirithe sna bunranganna, go mbíonn míolta gruaige ar pháistí. Is rud nádúrtha é seo, cuid de shaol an pháiste!
- Má tharlaíonn sé seo iarrtar ort an scoil a chur ar an eolas láithreach.
- Cuirfear na thuismitheoirí eile ar an eolas gan ainm aon pháiste a lua.
- Moltar gruaig do pháistí a sheiceáil go rialta agus a mhíniú dóibh gan a bheith ag roinnt earraí gruaige (scuabanna srl.).

## TINREAMH

- Rang 1-Rang 6: Is gá nóta a bhreacadh sa dialann obair bhaile do lá ar bith nach mbíonn do pháiste ar scoil.
- Naíonáin: Níl dialann obair bhaile ag na naíonáin – ina gcás siúd is gá leabhar tinrimh a shíniú atá sa bhfilteán obair bhaile nó nóta a thabhairt don mhúinteoir.
- Má chailleann do pháiste 20 lá sa scoilbhliain, tá dualgas ar an scoil é sin a thuairisciú don Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais. Tá dualgais reachtúla ar an scoil tinreamh a thuairisciú don Bhord, fiú i gcásanna tinnis.
- Moltar gan laethanta saoire a thógáil le linn na scoilbhliana. Ní bheidh múinteoirí ábalta obair ranga a sholáthar do pháistí atá ar laethanta saoire.
- Tá poncúlacht chomh tábhachtach le tinreamh. Tugann sé deis don pháiste socrú isteach agus súgradh lena gcairde. Coimeádann Aladdin cuntas ar thinreamh déanach.
- Ní maith an rud é fágáil luath gan chúis an-mhaith ach an oiread.

## PÁIRCEÁIL

- Tá sábháilteacht na bpáistí ina thosaíocht againn agus chuige sin tá rialacha againn maidir le páirceáil. Caithfear cloí leis na rialacha seo chun go mbeidh na páistí sábháilte agus chun go mbeidh tuismitheoirí in ann teacht isteach agus imeacht gan strus ná stró.
- Tá 36 spás páirceála san ascaill. Muna bhfuil spás ar fáil san ascaill iarrtar ort úsáid a bhaint as na carrchlóis i bPáirc na Mílaoise, ag an Spórtlann sa Chúil Mhín, agus trasna an bhóthair ag an ngaráiste.
- Tá na rialacha páirceála i bhfeidhm fiú nuair atá sé ag cur báistí!
  - Níl cead stopadh ar an mbóthar nó sa chiorcal chun ligean do pháistí léimeadh amach (fiú nuair atá sé ag cur báistí).
  - Is gá páirceáil sna spásanna i.e. idir na spásanna.
  - Iarrtar ort páistí a ligean amach as an gcarr ar thaobh an chosáin.
  - Muna bhfuil spásanna saora sa clós, is féidir dul go dtí Páirc na Mílaoise, Spórtlann Chúil Mhín nó an garáiste.

## POLASÁÍ IONTRÁLA

- Tá polasáí iontrála na scoile ar an suíomh gréasáin. Ach tá sé tábhachtach a lua, má tá páiste agat ag teacht isteach sna naíonáin bheaga go gcaithfidh tú an fhoirm iontrála a líonadh in am. Ní leor glacadh leis go mbeidh áit ag an bpáiste sin toisc go bhfuil deartháir nó deirfiúr sa scoil. Seoltar eolas i nuachtlitir na scoile faoin spriocdháta iontrála agus bíonn sé ar an suíomh chomh maith.

## CÚRSAÍ SPÓIRT

### SNÁMH

Tá snámh ar an siollabas do Ranganna 1- 6. Bíonn na ranganna seo ar siúl sa tríú téarma de ghnáth le linn an lae scoile. Is iad na múinteoirí ranga a thugann na páistí go dtí an rang agus múineann múinteoirí snámha de chuid an Ionaid Spóirt sa Chúil Mhín na ranganna. Fáiltítear roimh chabhair ó thuismitheoirí maidir le gléasadh, go mór mór do Rang 1.

Cuireann an tIonad Spóirt sa Chúil Mhín ranganna snámha ar fáil ar phraghas speisialta do naíonáin. Bíonn na ranganna seo ar siúl i ndiaidh am scoile agus faoi thuismitheoirí atá sé na socruithe a dhéanamh leis an Ionad agus na páistí a thabhairt ann.

### CLUICHÍ

Tá an scoil an-bhródúil as an rannpháirtíocht i gcúrsaí spóirt. AG brath ar cúrsaí ama agus fáil ar mhúinteoirí tá cuid de na foirne thíos againn:

- Foireann peile (do bhuachaillí agus do chailíní, Ranganna 3-6)
- Foireann iománaíochta (do bhuachaillí Ranganna 3-6)
- Foireann cispheile (do bhuachaillí agus do chailíní (Ranganna 3-6)
- Rith (do bhuachaillí agus do chailíní)

De ghnáth bíonn traenáil ar siúl i rith an lae scoile (ag am lóin) ach bíonn na cluichí ar siúl tar éis am scoile, i rith na seachtaine.

Bíonn traenáil cispheile ar siúl tar éis scoile.

## DAMHSA GAELACH

- Mar chuid den churaclam, ag amanna áirithe sa bhliain, déanann na páistí rang damhsa Gaelach uair sa tseachtain sa scoil le linn am scoile.
- Tagann múinteoir damhsa ón taobh amuigh chun an rang seo a dhéanamh agus bíonn an múinteoir ranga ag cabhrú chomh maith. Níl aon chostas air seo.
- Glacann roinnt de na páistí páirt i gcomórtas Feis Damhsa uair sa bhliain.

## CÓISIRÍ BREITHLAE

Iarrtar ar thuismitheoirí gan cuirí a thabhairt amach sa chlós agus iarratr oraibh socruithe do chóisirí a dhéanamh go discréideach. Níl cead cuirí breithlae a scaipeadh sna seomraí ranga ná iad a thabhairt do na páistí le scaipeadh sa chlós. Iarraimid ar thuismitheoirí chomh maith gan cuirí a scaipeadh sa chlós os comhair na bpáistí. De bharr alleirgí, ní mholaimid cacaí nó milseáin a chur isteach ar scoil ar bhreithlaethanta

## GAEILGE

- Is í an Ghaeilge gnáth-theanga chumarsáide na scoile. Fáiltítear roimh gach iarracht ó thuismitheoirí Gaeilge a labhairt i suíomh na scoile.
- Tá an córas tumoideachais i bhfeidhm sa scoil. Tá an tumoideachas iomlán aitheanta ar fud an domhain mar an córas is éifeachtaí chun an dara teanga a mhúineadh nó a shealbhú i suíomh scolaíochta. Nuair a bhíonn córas tumoideachais i bhfeidhm, baintear úsáid as an dara teanga (Gaeilge sa chás seo) mar theanga teagaisc na scoile. Leanann an curaclam tumoideachais gnáthchuraclam an chéad teanga. Chun tacú leis an múnla tumoideachais, ní dhírítear ar léamh ná ar scríobh an Bhéarla go dtí an dara téarma sna naíonáin mhóra. Cuirtear tuilleadh eolais faoi seo ar fáil do thuismitheoirí ag tús na naíonáin bheaga agus beidh tuilleadh eolais faoi pholasaí teanga na scoile á chur ar fáil amach anseo.

## GAEILGE DO THUISMITHEOIRÍ

Tuigimid go mbíonn thuismitheoirí a bhíonn ag iarraidh cur lena gcuid Gaeilge d'fhonn tacú lena bpáistí leis an obair bhaile agus cur ar a gcumas féin páirt a ghlacadh i bpobal na scoile trí mheán na Gaeilge. Chuige sin tá roinnt tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do thuismitheoirí.

## RANG GAEILGE

Bíonn rang Gaeilge ar siúl do thuismitheoirí na scoile gach maidin Aoine idir 9.00 a.m. agus 10.00 a.m. Gach eolas ó oifig na scoile. Tá an rang seo saor in aisce do thuismitheoirí.

## CIORCAL COMHRÁ

Bíonn ciorcal comhrá sa scoil oíche Dé Luain. Tá sé dírithe ar thuismitheoirí atá ag iarraidh cur lena líofacht sa Ghaeilge. Gach eolas ó oifig na scoile.

## CABHAIR AR LÍNE

Tá cabhair ar líne le fáil ag <http://irishforparents.ie/>

## AIRGEAD D'EARRAÍ SCOILE

Bailítear airgead d'earraí scoile gach bliain. €60 an páiste a bhíonn i gceist. Úsáidtear an t-airgead seo i gcomhair na n-ábhar ealaíne, costais chóipeála, turais áirithe, árachas, trealamh spóirt, costais na ríomhaire agus costais riaracháin. De ghnáth bíonn an tsuim seo le tabhairt isteach i mí Mheán Fómhair.

Is airgead é seo atá riachtanach chun earraí scoile a chur ar fáil do na páistí. Ní hionann é agus an síntiús deonach.

## SÍNTIÚS DEONACH

Gach bliain, iarraidimid ar thuismitheoirí síntiús deonach a chur ar fáil. Ní hionann an tsuim seo agus an t-airgead do na hearraí scoile – is faoi gach teaghlach atá sé suim a chur ar fáil, cé go moltar suim ar leith. Cuirtear eolas faoi seo abhaile sa nuachtlitir i mí an Mheithimh.

## DÁTAÍ DON DIALANN

Déanfaimid gach iarracht fógra a thabhairt do thuismitheoirí maidir le dátaí do rudaí a bhfuil cuireadh acu a bheith i láthair. Seoltar eolas abhaile sa nuachtlitir nó i bhfoirm nóta. Seo thíos treoir an-ghinearálta maidir leis na hócáidí sin:

Deireadh Fómhair	Aifreann Oilibhéir
Nollaig	Seó na Nollag/Seirbhís charúl
Earrach	Cóineartú
Bealtaine	An Chéad Chomaoineach
Meitheamh	Lá Spóirt
	Bairbiciú na Scoile (Satharn)

## AN NOLLAIG

- Déanann na ranganna ó na Naíonáin Bheaga go dtí Rang 2 seó Nollag gach bliain. Bíonn an seó ar siúl i halla na scoile le linn am scoile agus bíonn cuireadh ag thuismitheoirí agus gaolta na bpáistí.
- Déanann na hardranganna (ranganna 3-6) seó gach **dara** bliain. An bhliain nach mbíonn seó ar siúl acu, glacann siad páirt i seirbhís charúil.

## LÁ SPÓIRT

Bíonn lá spóirt na scoile ar siúl i mí an Mheithimh gach bliain. Tugtar cuireadh do thuismitheoirí teacht chuig an gcuid dheireanach de na himeachtaí agus chuig an mbronnadh duaiseanna. Bíonn gach eolas sa nuachtlitir.

## GRIANGHRAIF

- Tagann comhlacht grianghráfadóireachta chun grianghraif a thógáil de na páistí Comaoineach ag deireadh mhí na Bealtaine / tús mhí an Mheithimh. Níl aon iachall ar thuismitheoirí na grianghraif seo a cheannach.
- Má tá thuismitheoirí ag iarraidh go dtógfai grianghráf de bhail teaghlaigh le chéile, is féidir sin a dhéanamh.
- Do pháistí Rang 2, bíonn cead acu éadaí na Céad Chomaoineach a chaitheamh don ghrianghráf.
- Tógtar grianghráf ranga i rang na Naíonán Beag, i Rang 2 agus i rang 6.

## CÉAD CHOMAOINE

Bíonn an chéad chomaoineach ar siúl i Séipéal Naomh Bríde i mBaile Bhlainséir ar Shatharn i mí na Bealtaine. Bíonn cóisir ar siúl i Scoil na mBuachaillí i ndiaidh an tsearmanais. Is iad thuismitheoirí pháistí **Rang 3** a dhéanann an bia a sholáthar don chóisir seo. Bíonn thuismitheoirí Rang 3 ag teastáil chun bia a ullmhú don ócáid, chun an chóisir a réiteach ar an lá agus chun cabhrú ag an gcóisir.

Bítear ag súil leis go mbíonn na páistí ó R3 go R6 i láthair don chór ag an searmanas seo.

## CÓINEARTÚ

Bíonn an cóineartú ar siúl ar dháta idir mí Feabhra agus mí an Aibreáin. Mar an gcéanna leis an gcomaoine, bíonn cóisir ar siúl i Halla an tSéipéil i ndiaidh an tsearmanais. Is iad thuismitheoirí pháistí **Rang 5** a dhéanann an bia a sholáthar don chóisir seo. Bíonn thuismitheoirí Rang 5 ag teastáil chun bia a ullmhú don ócáid, chun an chóisir a réiteach ar an lá agus chun cabhrú ag an gcóisir.

## AN TURAS SCOILE

Bíonn turas scoile ag gach rang sa scoil i mí an Mheithimh, ranganna na naíonán san áireamh. Baineann costas beag leis an turas seo, ag brath ar cá mbíonn na páistí ag dul. Cuirtear eolas ar fáil sa nuachtlitir agus i bhfoirm nóta.

## AN TURAS GAELTACHTA

Téann páistí Rang 6 ar thuras go dtí an Ghaeltacht gach bliain i mí na Bealtaine. Tugann siad 10 lá i gConamara ag fanacht i dtithe áitiúla, ag freastal ar ranganna Gaeilge agus ag glacadh páirte in imeachtaí. 'Siad múinteoirí na scoile a dhéanann é a eagrú agus déanann siad an obair ar fad leis na páistí.

## BORD BAINISTÍOCHTA

Tá ochtar ball ar Bhord Bainistíochta na scoile.

- Beirt tofa ó na thuismitheoirí
- An príomhoide
- Duine de múinteoirí
- Beirt ainmnithe ag an bpátrún
- Beirt eile a thagann ón bpobal i gcoitinne

Tá polasaithe an Bhoird Bhainistíochta agus sonraí eile maidir le ról agus feidhm an Bhoird le fáil ar shuíomh na scoile.



## CUMANN NA DTUISMITHEOIRÍ

Tá Cumann Tuismitheoirí an-ghníomhach i Scoil Oilibhéir. Seo cuid de na tograí a bhí ar ar chumas na scoile a dhéanamh le cúpla bliain anuas, toisc an t-airgead a bailíodh ag ócáidí an Chumainn seo.

Ranganna yoga a eagrú do na páistí  
Ceardlanna scipeála do na páistí  
Caint ón údar Stella O'Malley  
Caint ó shaineolaí ar shábháilteacht ar an idirlíon  
An clós a phéinteáil

Eagraíonn an Cumann 3 mhór-ócáid i rith na bliana:

Mí Dheireadh Fómhair  
Mí na Nollag  
Mí an Mheithimh

Tráth na gCeist  
Aonach na Nollag  
BBQ

Tá obair an Chumann ag brath ar chabhair tuismitheoirí na scoile. Bítear i gcónaí ag lorg daoine atá sásta cabhair a chur ar fáil. Déan teagmháil le baill an Chumainn ag Cumann na dTuismitheoirí [cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com](mailto:cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com) má tá fonn ort cabhrú.

## CRUINNITHE LE MÚINTEOIRÍ

- Bíonn cruinniú amháin tuismitheoir-múinteoir gach bliain i mí na Samhna chun dul chun cinn do pháiste a phlé. Baintear úsáid as Aladdin chun coinne a dhéanamh.
- Tá fáilte roimh thuismitheoirí i gcónaí ag amanna eile den bhliain rudaí a phlé ach molaimid cruinniú a eagrú roimh ré.

## LIOSTA LEABHAR

- Tugtar amach an liosta leabhar don chéad scoilbhliain eile i mí an Mheithimh.
- Iarraimid ar thuismitheoirí na leabhair a bheith réidh agus sa mhála scoile an chéad tseachtain den scoilbhliain. Iarraimid chomh maith ar thuismitheoirí lipéid le hainm an pháiste scríofa go soiléir air a bheith ar gach leabhar.

## LIPÉADÚ

Iarraimid ar thuismitheoirí lipéid a chur ar gach rud a bhaineann leis na páistí – leabhair, éadaí, bróga, boscaí lóin. Cailtear earraí agus éadaí gach bliain agus bíonn sé deacair na húnéirí cearta a fháil.

## IMEACHTAÍ IARSCOILE

Bíonn roinnt imeachtaí agus ranganna do pháistí ar siúl sa scoil i ndiaidh am scoile. Cuirtear eolas faoi na himeachtaí seo abhaile sa nuachtlitir. I measc na n-imeachtaí bíonn ranganna feadóg stáin agus ranganna uirlise.

Bíonn club iarscoile agus club obair bhaile ar siúl chomh maith ar shuíomh na scoile. Tá gach eolas faoin gclub seo – Réaltaí Óga – ar fáil ó 085 7266455.

*Fáilte is fiche romhaibh go Scoil Oilibhéir.  
Táimid ag súil le blianta fada fiúntacha a  
chaitheamh le chéile!*

